Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022
(OR. en)

15476/22

LIMITE

IPCR 113
AG 146
RELEX 1629
JAI 1597
PROCIV 146
CSDP/PSDC 841
COCON 60
HYBRID 112
SAN 639
MI 890
CYBER 392

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treochlár maidir le tuar, ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna a neartú sa Chomhairle<br>– Formheas |

1. Tháinig an Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo le chéile an 26 Meán Fómhair, an 28 Deireadh Fómhair agus an 5 Nollaig 2022 agus phléigh sí dréachtaí leantacha de dhréacht-treochlár maidir le tuar, ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna a neartú sa Chomhairle.

2. Mar fhreagairt ar chonclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021, is é an treochlár an chéad chéim i dtreo bainistiú géarchéime trasearnála agus trasteorann sa Chomhairle a fheabhsú, lena n-áirítear anailís riosca agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach le haghaidh réamhghníomhaíocht níos fearr, cosc, ullmhacht agus freagairt, trí chur chuige uile-ghuaise.

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Nollaig, chuir an Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo bailchríoch ar an dréacht-treochlár san Iarscríbhinn.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an treochlár a fhormheas, mar bhonn leis an obair a thabhairt ar aghaidh.

PUBLIC

**Dréacht-Treochlár maidir le tuar, ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna a neartú sa Chomhairle**

Tá go leor bagairtí agus dúshlán os comhair an Aontais faoi láthair (cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, imirce, géarchéim fuinnimh, paindéim COVID-19 agus bagairtí eile a bhaineann leis an tsláinte) a bhfuil gnéithe trasteorann ag baint leo, atá casta agus a bhfuil tionchar tromchúiseach acu ar Bhallstáit aonair agus ar an Aontas ina iomláine.

Chun a bheith níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna trasteorann agus trasearnála a bheidh ann amach anseo, ní mór dúinn ár n-ullmhacht agus ár bhfreagairt i leith géarchéimeanna a mheas agus a fheabhsú go leanúnach, agus bainistiú géarchéime agus comhar ar leibhéal an Aontais a neartú.

Ag eascairt as na conclúidí ón gComhairle maidir le hullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht a fheabhsú a glacadh an 23 Samhain 2021, na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh an 16 Nollaig 2021 ag eascairt as an tuarascáil ó Uachtaránacht na Fraince maidir le hullmhacht, freagairt agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, measann an Uachtaránacht gur gá tús a chur le próiseas córasach chun meastóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar ról na Comhairle i mbainistiú géarchéime an Aontais.

Is mór ag an Uachtaránacht iarrachtaí Uachtaránacht na Slóivéine agus Uachtaránacht na Fraince araon, chomh maith le hobair na 13 Bhallstát a d’fhoilsigh go comhpháirteach Rannchuidiú leis an Treochlár maidir le bainistiú géarchéime an Aontais a neartú, agus an Ghearmáin, a d’fhoilsigh a páipéar leathoifigiúil i ndáil le comhar trasteorann a neartú.

Bunaithe ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, ba cheart treochlár a ullmhú ina molfar cur chuige céim ar chéim chun athléimneacht agus bainistiú géarchéime a neartú laistigh den Aontas mar chéad chéim eile, agus dúbailt agus ualach riaracháin á seachaint ag an am céanna, agus gan dochar do thoradh an phlé a dhéanfar ina dhiaidh sin.

Dá bhrí sin, cuirtear tús le próiseas sa Treochlár reatha agus moltar sraith tascanna, ar féidir aghaidh a thabhairt ar chuid acu ag an am céanna. Beidh an plé leathan ar chúraimí aonair agus ar chur chun feidhme nithiúil na gcúraimí sin faoi chúram uachtaránachtaí i ndiaidh a chéile mar chuid de phróiseas níos fadtéarmaí. Beidh ríthábhacht le comhordú maith.

Tá an Treochlár ceaptha chun tús a chur le nuashonrú spriocdhírithe ar Bhuan-Nósanna Imeachta Oibríochta IPCR, agus iad a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas, i gcás inar cosúil gur gá sin, lena n-áirítear a éasca atá sé iad a úsáid a fheabhsú, agus an nós imeachta maidir le díghéarú IPCR a chur leis. Is é an chéad chéim eile ná mapáil a dhéanamh ar na comhlachtaí agus ar na hionstraimí géarchéime atá ann cheana ar leibhéal an Aontais. Beidh an mhapáil seo mar bhonn le hanailís trína léireofar forluí agus bearnaí sa chóras agus a chabhróidh le dúbláil a sheachaint.

A luaithe a bheidh an anailís sin tugtha chun críche, is éard a bheidh sa chéad chéim eile plé agus cinneadh maidir leis an áit a bhféadfaí an Treochlár a phlé agus a chur chun feidhme a thuilleadh sa Chomhairle. Breathnófar ar an bhféidearthacht go gcuirfí de chúram ar chomhlacht de chuid na Comhairle atá ann cheana an obair sin a dhéanamh.

Bainfear úsáid ansin as an bhfóram roghnaithe chun tuilleadh cúraimí leantacha a chur i gcrích, amhail iarrachtaí chun ullmhacht an Aontais do ghéarchéimeanna a neartú, chun an comhordú idir an Chomhairle/IPCR agus na struchtúir náisiúnta bainistithe géarchéime a threisiú ar an leibhéal straitéiseach/polaitiúil, nó chun nuashonrú athfhillteach a dhéanamh ar bhuan-nósanna imeachta oibríochta IPCR.

Ar cheann de na cúiseanna is gá teacht ar an bhfóram seo tá líon na gcúraimí athfhillteacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu go rialta, e.g. athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Chlár Ullmhachta IPCR nó ceachtanna tréimhsiúla a foghlaimíodh ó chleachtaí bainistithe géarchéime an Aontais/ECAT, lena n-áirítear iad a chur chun feidhme.

Mar fhreagairt ar na conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021, is é an treochlár an chéad chéim i dtreo feabhas a chur ar bhainistiú géarchéime trasearnála agus trasteorann, lena n-áirítear anailís riosca agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach le haghaidh réamhghníomhaíocht níos fearr, cosc, ullmhacht agus freagairt, trí chur chuige uile-ghuaise, agus bonn ar a ndéanfaidh na hUachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo cúraimí eile a fhorbairt agus a leathnú b'fhéidir i gcás ina measfar go bhfuil gá leo. D'fhéadfadh próiseas fadtéarmach a bheith i gceist le gach cuspóir a bhaint amach. Mar sin féin, is ionstraim riachtanach é an treochlár seo le haghaidh obair leanúnach chórasach chun an tAontas a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe do na géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.

Chun cur chun feidhme cuí an treochláir sin a áirithiú, cuireann an Uachtaránacht i bhfios go láidir a sholúbtha atá sé agus molann sí meastóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh uirthi, mar shampla, i bhfoirm Tuarascáil ón Uachtaránacht ar Dhul Chun Cinn ag deireadh gach bliana féilire.

## Cúraimí príomhúla

PUBLIC

| | Cuspóirí | Gníomh haíocht aí | Geallsealbhóirí | Fóram | Fráma ama |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Róil agus freagrachtaí soiléire a áirithiú in oibriú laethúil shásra IPCR | Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta IPCR 2015 a nuashonrú[1], de réir mar is gá | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le SEGS | An Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |
| 2 | Nósanna imeachta a bhunú chun gníomhachtuithe IPCR a dhíghéarú | Teacht ar chomhaontú maidir le nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú agus cinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun gníomhachtú iomlán IPCR sa mhód comhroinnte faisnéise a dhíghéarú, nó chun socruithe IPCR a dhíghníomhachtú go hiomlán le haghaidh gníomhachtú sonrach | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit | An Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. *(i gcomhthéacs an phlé ar nuashonrú bhuan-nósanna imeachta oibríochta IPCR)* | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |

[1] 12607/15

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3 | Forbhreathnú ar uirlisí, sásraí agus sainorduithe atá ann cheana | Mapáil a dhéanamh ar na huirlisí bainistithe géarchéime agus tubaistí atá ann cheana agus ar shásraí géarchéime atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, agus ar na cinn atá á bhforbairt, agus ar shainorduithe Mheithleacha na Comhairle maidir le hullmhacht, bainistiú géarchéime agus athléimneacht chun sainorduithe forluiteacha agus iomaíocht idir institiúidí an Aontais agus laistigh díobh a sheachaint | An Coimisiún, SEGS agus an Ardrúnaíocht | An Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |
| 4 | Anailís ar bhearnaí agus ar fhorluí a dhéanamh | Pléifear anailís ar thorthaí na mapála (pointe 3) | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le SEGS | An Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |
| 5 | Leanúint den obair le linn an chéad seimeastair eile sa Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear plé a dhéanamh ar an áit sa Chomhairle ina bhféadfaí leanúint den díospóireacht | Bunaithe ar thorthaí mapála agus anailíse (pointe 3 agus pointe 4), plé a dhéanamh ar an gcás ina mbeadh sé iomchuí aghaidh a thabhairt ar na cúraimí fadtéarmacha agus athfhillteacha a eascraíonn as an treochlár seo | An Uachtaránacht i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le tacaíocht ó Ardrúnaíocht na Comhairle | An Mheitheal *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6a | Comhar trasteorann san Aontas a neartú i réimse na hullmhachta agus na freagartha i leith géarchéimeanna | (a) Anailís a dhéanamh ar na dúshláin shonracha roimh phobail trasteorann le linn phaindéim COVID-19 agus le linn móréigeandálaí eile; dúbailt agus forluí a sheachaint.<br><br>(b) Nósanna imeachta agus ionstraimí tacaíochta a fhorbairt de réir mar is iomchuí | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | **San fhadtéarma**<br><br>6 ≤ 12 mhí |
| 6b | Comhordú a neartú agus a fheabhsú maidir le gné sheachtrach na hathléimneachta agus an chomhair i ndáil le bainistiú géarchéime le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le tríú tíortha, go háirithe i gcomharsanacht an Aontais | Féachaint an bhféadfaí comhoibriú le tríú tíortha, lena n-áirítear trí fhreachnaimh chomhpháirteacha | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le SEGS | Caithfear teacht ar fhóram de chuid na Comhairle, agus inniúlachtaí na meithleacha um chaidreamh seachtrach atá ann cheana á gcur san áireamh | **San fhadtéarma**<br><br>6 ≤ 12 mhí |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Leanúint d'fhéachaint conas is fearr is féidir leis na struchtúir náisiúnta bainistithe géarchéime a bheith rannpháirteach ann, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta na Comhairle | Rannpháirtíocht na struchtúr náisiúnta bainistithe géarchéime a phlé i gcomhréir le mír 15 de na conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 maidir le hullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a fheabhsú. | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht/na Ballstáit | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | **Sa ghearrthéarma**<br><br>(Thart ar 6 mhí) |
| 8 | Acmhainneacht na Comhairle freagairt go leordhóthanach agus go tapa ar leibhéal polaitiúil an Aontais ar ghéarchéimeanna a neartú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta ullmhachta atá ann cheana | Beartas Ullmhachta IPCR[2] a nuashonrú, tar éis na hanailíse (pointe 4), de réir mar is gá | An Ardrúnaíocht i gcomhar leis an Uachtaránacht agus leis na Ballstáit | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | **San fhadtéarma**<br><br>6 ≤ 12 mhí |

PUBLIC

[2] 10031/19

**Tascanna athfhillteacha**

| | Cuspóirí | Gníomhaíochtaí | Geallsealbhóirí | Fóram | Fráma ama |
|---|---|---|---|---|---|
| 9 | Réamh-mheas agus foráil a dhéanamh maidir le teagmhais ghéarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath go luath sula rachaidh siad i méid go leibhéal suntasach, nó sula dtarlóidh siad | Gníomhaíochtaí Líonra Scanta Ionchais a atosú agus leanúint leo ar bhonn deonach, i gcomhréir le Beartas Ullmhachta IPCR | An Ardrúnaíocht, le rannchuidiú ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ó SEGS agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais | Líonra Scanta Ionchais | De réir mar is gá |
| 10 | Cumarsáid straitéiseach agus ghéarchéime agus freagairt ar an mbréagaisnéis a fheabhsú | Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe cumarsáide géarchéime agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir leis an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna agus ar an mbréagaisnéis ar leibhéal an Aontais | Na Ballstáit, le tacaíocht ó Ardrúnaíocht na Comhairle (le rannchuidiú ó institiúidí agus ó chomhlachtaí ábhartha an Aontais) | Líonra na gCumarsáidithe Géarchéime | De réir mar is gá |
| 11 | Cur chun feidhme comhsheasmhach chlár ullmhachta IPCR faoi shocruithe IPCR a áirithiú | Clár Ullmhachta IPCR[3] a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh timthriall athnuaite 18 mí | An Ardrúnaíocht i gcomhar leis an Uachtaránacht agus leis na Ballstáit | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | Athfhillteach<br><br>(tuarascálacha agus athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn) |

[3] 14939/19, WK 12689/2020

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 12 | Freagairt agus ullmhacht an Aontais ar ghéarchéimeanna a neartú, chomh maith le próiseas agus cumais IPCR, trí na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhachtuithe IPCR a chur san áireamh i gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le IPCR (Airteagal 12) | Ceachtanna a foghlaimíodh ó ghníomhachtuithe IPCR le déanaí a chur i gcrích, lena n-áirítear cur chun feidhme na gceachtanna a sainaithníodh | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le SEGS agus le gníomhaireachtaí an Aontais | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | De réir mar is gá |
| 13 | Freagairt agus ullmhacht an Aontais i leith géarchéimeanna a neartú trí na ceachtanna a foghlaimíodh ó chleachtaí bainistithe géarchéime trasearnála agus sibhialta-míleata a chur san áireamh, gan dochar d'inniúlachtaí comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle atá ann cheana | Ceachtanna tréimhsiúla a foghlaimíodh ó fhreachnaimh bainistithe géarchéime náisiúnta agus an Aontais agus ó fhreachnaimh i gcomhar le ECAT a chur i gcrích, lena n-áirítear cur chun feidhme na gceachtanna a sainaithníodh | An Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le SEGS agus le gníomhaireachtaí an Aontais | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | De réir mar is gá (nasctha le cleachtaí a rinneadh) |
| 14 | A áirithiú go bhfuil Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta IPCR cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Bhuan-Nósanna Imeachta Oibríochta IPCR de réir mar is gá | An Uachtaránacht/an Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | De réir mar is gá |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 15a | Slándáil ardán gréasáin IPCR a fheabhsú | Iniúchadh slándála agus tástálacha treáite a bheith déanta ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha | Ardrúnaíocht na Comhairle | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | Athfhillteach<br><br>(Scanadh bunúsach rialta a dhéantar mar ghnáthamh go seachtainiúil; domhain<br><br>ba cheart scanadh ar éileamh a phleanáil go rialta) |
| 15b | Inúsáidteacht ardán gréasáin IPCR a fheabhsú | Feidhmiúlachtaí ardán gréasáin IPCR a mheasúnú, agus a inúsáidteacht a fheabhsú trí bhíthin uirlisí agus teicnící éagsúla. | An Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le SEGS | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | Athfhillteach<br><br>(Tuarascálacha agus athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn) |
| 15c | Machnamh a dhéanamh ar rochtain ar ardán gréasáin IPCR a chur ar fáil do thíortha atá comhlachaithe le Schengen | Glacann tíortha atá comhlachaithe le Schengen páirt i nach mór gach cruinniú comhchéime faoi láthair, ach níl rochtain acu ar ardán IPCR; ba cheart plé a dhéanamh ar an ábhar seo | An Ardrúnaíocht, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le SEGS, lena fhormheas ag an gComhairle | Ní mór fóram de chuid na Comhairle a aimsiú | |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 16 | A áirithiú go dtuigeann na geallsealbhóirí go léir cuspóirí IPCR chun tacú le freagairt éifeachtach ar ghéarchéimeanna, chomh maith lena róil agus a bhfreagrachtaí, agus róil agus freagrachtaí geallsealbhóirí eile ó thaobh tacú leis na cuspóirí sin | Athbhreithniú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar Chlár Oiliúna IPCR le haghaidh Údaráis Bainistíochta agus Bhailíochtaithe, Pointí Teagmhála IPCR, seirbhísí an Choimisiúin i bhfianaise phríomhfheidhm ISAA, na Ballstáit, ionadaithe a thacaíonn le cruinnithe comhchéime IPCR agus na hUachtaránachtaí inteachta | An Ardrúnaíocht (ceannaire); gach geallsealbhóir de chuid IPCR | neamhbhainteach | Athfhillteach |

PUBLIC